Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**12099/20**

**AGRI 367**
**ENV 645**
**PESTICIDE 33**
**PHYTOSAN 24**
**FORETS 33**
**SAN 367**
**VETER 44**
**PECHE 329**
**MARE 27**
**ECOFIN 949**
**RECH 407**
**SUSTDEV 137**
**DEVGEN 140**
**FAO 24**
**WTO 279**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Deireadh Fómhair 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11822/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' - *Conclúidí ón gComhairle* (19 Deireadh Fómhair 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', mar a d'fhormheas an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh iad an 19 Deireadh Fómhair 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:**

**Á MHEABHRÚ DI:**

– Na Conclúidí ón gComhairle an 29 Samhain 2019 maidir leis an Straitéis Bithgheilleagair nuashonraithe - *A sustainable Bioeconomy for Europe: strenghtening the connections between economy, society and the environment* [Straitéis Bithgheilleagair inbhuanaithe don Eoraip: na naisc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú]

– Na Conclúidí ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 maidir le leas ainmhithe - cuid dhílis de tháirgeadh inbhuanaithe ainmhithe (14975/19)

– Na Conclúidí ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 maidir leis na chéad chéimeanna eile chun dul i ngleic le cleachtais chalaoiseacha sa slabhra agraibhia agus iad a dhíspreagadh (15154/19)

– Na Conclúidí ón gComhairle an 28 Meitheamh 2016 maidir le caillteanais bhia agus cur amú bia (10730/16)

– Na Conclúidí ón gComhairle an 14 Meitheamh 2019 maidir leis na chéad chéimeanna eile i dtreo an tAontas a bheith ina réigiún dea-chleachtais i ndáil leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac (10366/19)

– Na Conclúidí ón gComhairle an 18 Meitheamh 2018 maidir le tosaíochtaí meántéarmacha an Aontais gona Bhallstáit i gcás Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) (10277/18)

AITHNÍONN SÍ go bhfuil an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', dá ngairtear "Straitéis F2F" anseo feasta, i gcroílár an Chomhaontaithe Ghlais agus go dtugtar aghaidh go cuimsitheach inti ar na dúshláin a bhaineann le córais bia inbhuanaithe agus go n-aithnítear inti na naisc idir bia, sochaithe sláintiúla agus pláinéad sláintiúil.

## I. NÍ MÓR DUL I mBUN GNÍMH CHUN AISTRIÚ GO CÓRAIS INBHUANAITHE BHIA

(1) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol].

(2) **CUIREANN SÍ I dTREIS** gur cheart, leis na bearta a bheartaítear sa Straitéis, go rannchuideofaí le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe lena Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide agus le cur chun feidhme na spriocanna a leagtar amach sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch.

(3) **AONTAÍONN SÍ** leis an gCoimisiún gur eiseamláir dhomhanda do bhia atá sábháilte, flúirseach, cothaitheach agus ar ardcháilíocht í bia Eorpach cheana féin, agus gur a bhuí le próiseas ceaptha beartais an Aontais le blianta fada anuas é sin agus le díograis na bhfeirmeoirí, na n-iascairí agus na dtáirgeoirí dobharshaothraithe.

(4) **FORMHUINÍONN SÍ** an sprioc go ndéanfaí córas Eorpach inbhuanaithe bia a fhorbairt, ón táirgeadh go dtí an tomhaltas. Ba cheart do na bearta a chuirtear chun cinn i Straitéis F2F cuidiú le cuspóir an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050 a bhaint amach chomh maith le cuspóirí agus spriocanna bithéagsúlachta, acmhainní nádúrtha agus tírdhreacha cultúrtha[1] a chaomhnú agus an leochaileacht i dtaca leis an athrú aeráide a laghdú agus an athléimneacht ina leith a mhéadú. **LEAGANN SÍ BÉIM AR** an ról ríthábhachtach atá ag pailneoirí le haghaidh éiceachórais shláintiúla agus slándáil bia.

(5) **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gur cheart lorg comhshaoil agus aeráide chóras bia an Aontais mar atá faoi láthair a laghdú agus nach mór na teorainneacha pláinéadacha agus prionsabal an réamhchúraim a chur san áireamh mar is cuí. Ina theannta sin, ba cheart, leis na bearta a chuirtear chun cinn i Straitéis F2F, gur fearrde an tuiscint a bheadh againn ar bhia agus gur fearrde an tsláinte. Sa chomhthéacs sin, **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tionscnamh reachtach a, faoi dheireadh 2023 ar a dhéanaí, lena leagfar amach creat do chórais inbhuanaithe bhia, agus tá sí ag tnúth leis an bplé ar na tograí faoi seach.

---

1 Sainmhíniú UNESCO: https://whc.unesco.org/en/guidelines/

(6) **AONTAÍONN SÍ** leis an gCoimisiún go leagann paindéim COVID-19 béim ar ról ríthábhachtach shlabhraí soláthair an mhargaidh aonair agus ar a thábhachtaí atá córais bhia stóinseacha athléimneacha, agus castacht na slabhraí soláthair bia **Á TABHAIRT DÁ hAIRE** ag an am céanna. Lena chois sin, **AONTAÍONN SÍ** nach mór a áirithiú go mbeadh rochtain i gcónaí ag saoránaigh na hEorpa ar sholáthar leordhóthanach éagsúil bia atá ar ardchaighdeán, cothaitheach, sábháilte agus a tháirgtear go hinbhuanaithe ar phraghsanna réasúnta, chun slándáil an tsoláthair bia agus cothú a bhaint amach. Tá gá le freagairt choiteann Eorpach ar ghéarchéimeanna a chuireann isteach ar chórais bhia chun tionchar socheacnamaíoch na ngéarchéimeanna sin a mhaolú san Aontas, chun slándáil an tsoláthair bia, cothú agus sábháilteacht a áirithiú, agus chun sláinte an phobail a chosaint. **CUIREANN SÍ I dTREIS** go gcaithfear druidim le comhtháthú cliste na gcóras bia domhanda, réigiúnach agus áitiúil lena n-airítear slabhraí luacha níos gairide, ar bhealach lena dtreiseoidh siad a chéile agus go méadóidh siad an tslándáil bia.

(7) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún plean teagmhasach a fhorbairt a bheidh ceaptha chun soláthar bia agus slándáil an tsoláthair bia a áirithiú tráth géarchéime.

(8) **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** a thábhachtaí atá prionsabal an réamhchúraim, cur chuige rioscabhunaithe agus an bhithshlándáil chun an tslándáil bia, sláinte ainmhithe, sláinte na hithreach agus sláinte plandaí a chosaint laistigh den Aontas agus ar fud an domhain, agus chun tacú le slite beatha agus slándáil an tsoláthair bia. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil sé mar chuspóir ag an gCoimisiún sláinte plandaí a chosaint níos fearr. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún an méid sin a bhaint amach agus féachaint chuige go mbeadh ardleibhéal cosanta ann don chomhshaol agus don tsláinte phoiblí ag an am céanna.

(9) **TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR** an ngá atá le béim ar leith a leagan ar shláinte ainmhithe, ar an mbithshlándáil agus ar leas ainmhithe agus straitéis F2F á cur chun feidhme. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** go bhfuil sláinte agus leas ainmhithe ina réamhchoinníoll chun beostoc a tháirgeadh ar bhealach inbhuanaithe, agus gur réamhchoinníoll é sláinte ainmhithe le gur lú gá a bheidh le hábhar frithmhiocróbach. **MEABHRAÍTEAR DI** sa chomhthéacs sin, trí shraith de chonclúidí ón gComhairle a glacadh in 2019[2].[34]

---

[2] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbithshlándáil, coincheap foriomlán lena ngabhann cur chuige aonadach maidir le sláinte ainmhithe a chosaint san Aontas (10368/1/19 REV1)

[3] Conclúidí ón gComhairle maidir leis na chéad chéimeanna eile i dtreo an tAontas a bheith ina réigiún dea-chleachtais i ndáil leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac (9765/19)

[4] Conclúidí ón gComhairle maidir le leas ainmhithe - cuid dhílis de tháirgeadh inbhuanaithe ainmhithe (14975/19)

(10) **TARRAINGÍONN SÍ AIRD ar** raon leathan na réimsí beartais, na reachtaíochta agus na n-ionstraimí neamhcheangailteacha a mbíonn tionchar acu ar chur chun feidhme Straitéis F2F agus **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** an gá le cur chuige comhoibríoch comhleanúnach le tacaíocht fhrithpháirteach, ag díriú ar shineirgí. **MEABHRAÍTEAR DI** an Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr agus **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún tograí reachtacha a bhunú ar mheasúnuithe tionchair críochnúla. **MEASANN SÍ** go bhfuil sé riachtanach comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a áirithiú idir na bearta a bheartaítear le Straitéis F2F agus na Comhbheartais Talmhaíochta agus Iascaigh, an beartas trádála, Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030, agus beartais agus straitéisí gaolmhara eile de chuid an Aontais.

(11) **MEABHRAÍTEAR DI** na Conclúidí ón gComhairle an 29 Samhain 2019 maidir le Straitéis Bithgheilleagair nuashonraithe *A sustainable Bioeconomy for Europe: strengthening the connections between economy, society and the environment* [Bithgheilleagar inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú][5] agus **CUIREANN SÍ I dTREIS** gur dlúthchuid de bhithgheilleagar ciorclach inbhuanaithe é an córas bia, a chuireann go mór le spriocanna comhshaoil agus aeráide. Sa chomhthéacs sin, ní mór iarrachtaí a dhéanamh chun na hearnálacha bithbhunaithe a neartú, lena n-áirítear trí infheistíochtaí agus margaí a scaoileadh agus trí tháirgeadh agus próiseáil inbhuanaithe bithmhaise a chothú.

(12) **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gur gá, maidir le baint amach na gcuspóirí agus na mbeart a bheartaítear i Straitéis F2F, dóthain airde a thabhairt ar ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil na gcóras bia inbhuanaithe, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena iomaíche atá earnálacha talmhaíochta an Aontais agus earnálacha gaolmhara.

(13) **CUIREANN SÍ I dTREIS** gur den ríthábhacht é ioncam cóir a áirithiú do tháirgeoirí le haghaidh aistriú rathúil i dtreo córas bia inbhuanaithe. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá sé go neartófaí seasamh na dtáirgeoirí tosaigh, a gcomharchumann agus a n-eagraíochtaí táirgeoirí i slabhra an tsoláthair bia agus a thábhachtaí atá dreasachtaí feidhmíochtbhunaithe ar mhaithe le cleachtais inbhuanaithe chun slándáil bia agus earraí poiblí amhail seirbhísí éiceachórais a áirithiú. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach maidir le cleachtais éagóracha tráchtála.

---

**5** Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis Bithgheilleagair nuashonraithe *A sustainable Bioeconomy for Europe: strenghtening the connection between economy, society and the environment* [Straitéis Bithgheilleagair inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú] (14594/19)

(14) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go gcuirtear béim i Straitéis F2F freisin ar thaighde agus ar nuálaíocht chun córais bhia inbhuanaithe a bhaint amach. Áirítear leis sin an nuálaíocht ghlas agus dhigiteach agus an biteicneolaíocht, ar choinníoll go bhfuil siad sábháilte do shláinte an duine agus don chomhshaol, rud a chuirfidh le hathrú forleathan ar chleachtais táirgthe bia. Maidir leis an méid sin, tá ról lárnach ag roinnt mhaith tionscnamh de chuid an Aontais agus tionscnamh réigiúnach, amhail Fís Eorpach agus tionscnamh BIOEAST. A mhéid a bhaineann leis an nuálaíocht dhigiteach, is den riachtanas freisin go leathnófar leathanbhanda tapa go ceantair thuaithe.

(15) **AITHNÍONN SÍ** an ról atá ag an mBuanchoiste um an Taighde Talmhaíochta chun sainmhíniú agus cur chun feidhme cláir agus comhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta uile-Aontais atá uaillmhianach agus spriocbhunaithe a chur chun cinn. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gur gá torthaí na taighde a scaipeadh ar bhealach níos fearr agus níos láidre chun naisc níos láidre a chruthú idir an pobal eolaíochta, na rialtais, feirmeoirí, iascairí, oibreoirí gnó agus tomhaltóirí ar mhaithe leis an nuálaíocht agus an fhorbairt a chur chun cinn. **LEAGANN SÍ BÉIM AR** a thábhachtaí atá an taighde i léargas iompraíochtaí mar phríomhghné de cheapadh agus de chur chun feidhme rathúil beartais.

## II. TÁIRGEADH INBHUANAITHE BIA SAN AONTAS A ÁIRITHIÚ

(16) **AITHNÍONN SÍ** gur cheart go gcuirfeadh na bearta a bheartaítear i Straitéis F2F le hathléimneacht na n-earnálacha feirmeoireachta trí shamhlacha gnó inbhuanaithe malartacha d'fheirmeoirí an Aontais a chur chun cinn, agus ag an am céanna foirmeacha éagsúla táirgthe a chaomhnú agus infhaighteacht acmhainní don táirgeadh, lena n-áirítear talamh, a éascú d'fheirmeoirí.

(17) **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** na spriocanna a leagtar amach maidir le laghdú lotnaidicídí, ábhar frithmhiocróbach agus leasachán chomh maith leis na spriocanna eile a leagtar amach i Straitéis F2F. **CUIREANN SÍ i dTREIS** go dteastóidh iarrachtaí ó na Ballstáit agus ó gach geallsealbhóir, chomh maith le dlúthchomhoibriú, comhairliúchán agus comhair chun na spriocanna sin a bhaint amach.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN**, maidir leis sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tograí reachtacha a bhunú ar mheasúnuithe tionchair *ex ante* atá fónta ó thaobh na heolaíochta de lena ndéantar cur síos ar mhodhanna ríofa na spriocanna agus bonnlínte agus tréimhsí gach sprice ar leith, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit. Ba cheart éifeachtaí carnacha na dtograí reachtacha a chur san áireamh.
- a áirithiú gur spriocanna de chuid an Aontais iad na spriocanna sin nach mór do na Ballstáit uile rannchuidiú leo trí ghníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta. Sa chomhthéacs sin, ní mór a bhfuil bainte amach cheana féin, túsphointí, imthosca agus dálaí éagsúla na mBallstát a chur san áireamh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.
- a áirithiú go mbeidh an treoir agus na moltaí a thugtar do na Ballstáit soiléir, cuimsitheach, trédhearcach, bunaithe ar eolaíocht agus feidhmíochtbhunaithe.
- cur chun feidhme agus faireachán costéifeachtach na spriocanna a áirithiú, agus cothrom na Féinne ar mhargaí iomaíocha agraibhia agus comhoiriúnacht le rialacha EDT á n-áirithiú ag an am céanna.
- leanúint d'úsáid stuama fhreagrach ábhar frithmhiocróbach a chur chun cinn ar mhaithe lena n-éifeachtúlacht a chaomhnú chun ionfhabhtuithe i ndaoine agus in ainmhithe a chóireáil.

(18) **IARRANN SÍ** go gcuirfí béim ar an ngá atá le riarachán agus cur chun feidhme éifeachtúil agus costéifeachtach Straitéis F2F, comhordú éifeachtúil, bearta agus sásraí inchreidte rialaithe a fhorbairt, lena n-áirítear tríd an digitiú agus trí chreat cuimsithe faireacháin agus meastóireachta.

(19) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún cabhrú le breiseáin beathaithe inbhuanaithe nuálacha atá sábháilte d'ainmhithe, do dhaoine agus don chomhshaol a chur ar an margadh.

(20) **MEASANN SÍ** go gcabhróidh forbairt bhreise táirgeadh próitéine plandaí agus foinsí malartacha próitéine ainmhithe san Aontas le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar roinnt mhaith de na dúshláin chomhshaoil agus aeráide atá roimh earnáil talmhaíochta an Aontais, agus ina theannta sin cabhróidh sé le cosc a chur ar dhífhoraoisiú i dtíortha lasmuigh den Aontas.

(21) **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún straitéis ón Aontas maidir le haistriú próitéine a thíolacadh lena ndéanfar saothrú próitéiní plandaí le haghaidh bia agus beatha san Aontas agus úsáid foinsí inbhuanaithe eile próitéine a spreagadh. **TARRAINGÍONN SÍ AIRD**, i ndáil leis an méid sin, ar an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le forbairt próitéiní plandaí san Aontas Eorpach[6].

(22) **IS DÍOL SPÉISE DI** go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tionscnamh nua feirmeoireachta carbóin an Aontais a thabhairt ar aghaidh mar chuid den Chomhshocrú Aeráide agus creat rialála a fhorbairt chun laghdú ar gháis ceaptha teasa agus aistriú carbóin bunaithe ar chuntasaíocht charbóin a bheidh stóinsithe trédhearcach a dheimhniú, d'fhonn laghduithe ar gháis ceaptha teasa a fhíorú agus faireachán a dhéanamh orthu i gcomhréir le ceanglais tuairiscithe agus cuntasaíochta an Aontais. **IARRANN SÍ** go leagfaí béim ar leith sa chomhthéacs sin ar chineál inbhuanaithe na stórála carbóin agus éifeachtaí an sceite agus tionchair dhíobhálacha ar an gcomhshaol á seachaint san am céanna. Ina theannta sin, ní mór aird a thabhairt ar na hiarmhairtí a bheidh ann d'ábhar orgánach ithreach agus do na comhthairbhí a bhaineann le cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe áirithe. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go bhféadfadh tionscnamh feirmeoireachta carbóin an Aontais cur go mór le huaillmhian aeráide an Aontais.

(23) **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar acmhainní géiniteacha plandaí agus ainmhithe a chosaint, a athchóiriú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún straitéis an Aontais d'acmhainní géiniteacha don dobharshaothrú, d'fhoraoisí agus don talmhaíocht a thíolacadh a bheidh bunaithe ar obair an Choimisiúin maidir le hAcmhainní Géiniteacha do Bhia agus don Talmhaíocht de chuid FAO. Mar thoradh air sin, ba cheart go mbeadh sé de thairbhe ag táirgeoirí tosaigh rochtain níos éasca a bheith acu ar an margadh ar chineálacha agus ar phórtha atá oiriúnaithe ar bhonn cultúir, ar bhonn na haeráide agus ar bhonn áitiúil. **IS DÍOL SÁSAIMH DI**, sa chomhthéacs sin, cuspóir an Choimisiúin clárú cineálacha síolta a éascú, lena n-áirítear cineálacha a úsáidtear don fheirmeoireacht orgánach.

---

6 Teachtaireacht (COM (2018) 757 final)

(24) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an bharúil ón gCoimisiún go bhféadfadh comhábhair agus teicnící nua nuálacha ról a imirt maidir leis an inbhuanaitheacht a mhéadú, fad is atá siad sábháilte don duine, d'ainmhithe agus don chomhshaol, agus iad ag dul chun tairbhe don tsochaí ina hiomláine ag an am céanna. **IS FADA LÉI** an staidéar ón gCoimisiún[7] i bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-528/16 maidir le stádas teicnící núíosacha géanómaíocha faoi reachtaíocht an Aontais.

(25) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** cuspóir an Choimisiúin tionchair dhíobhálacha a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí ar an gcomhshaol a laghdú, amhail trí thacú le cuir chuige níos cuimsithí maidir le cosaint plandaí a fhorbairt bunaithe ar phrionsabail an bhainistithe chomhtháite lotnaidí. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** a thábhachtaí atá sé bearta comhtháite maidir le bainistiú lotnaidí atá leordhóthanach agus fónta ó thaobh na heolaíochta de a áirithiú chomh maith le húsáid táirgí agus modhanna inbhuanaithe malartacha cosanta plandaí.

(26) **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go ndéantar foráil sna rialacháin a glacadh le déanaí maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus beatha íocleasaithe do bhearta a chuideoidh ar bhealach níos éifeachtaí le bagairt dhomhanda na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha sa chur chuige Aon Sláinte Amháin a chomhrac. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme is gá a ullmhú a luaithe is féidir.

---

7 I Samhain 2019, d'iarr Comhairle an Aontais Eorpaigh ar an gCoimisiún (Cinneadh (AE) 2019/1904 ón gComhairle) staidéar dar teideal *A study in light of the Court of Justice's judgment in Case C-528/16 regarding the status of novel genomic techniques under Union law* [Staidéar i bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte i gCás C-528/16 maidir le stádas teicnící núíosacha géanómaíocha faoi dhlí an Aontais] (i.e. Treoir 2001/18/CE, Rialachán (CE) 1829/2003, Rialachán (CE) 1830/2003 agus Treoir 2009/41/CE)" a thíolacadh faoin 30 Aibreán 2021.

(27) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** gur fógraíodh i Straitéis F2F go bhfuil athbhreithniú le déanamh ar an reachtaíocht leasa ainmhithe atá ann cheana i bhfianaise an eolais eolaíoch is déanaí chun an reachtaíocht a dhéanamh níos cuimsithí agus níos éasca lena cur chun feidhme. Faoi dheoidh, ba cheart go n-áiritheofaí leis sin leibhéal níos airde leasa ainmhithe agus muinín fheabhsaithe na dtomhaltóirí ar fud an Aontais. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún an t-athbhreithniú sin a dhéanamh chomh pras agus is féidir chun an reachtaíocht reatha maidir le leas ainmhithe a athbhreithniú a luaithe is féidir, go háirithe maidir le hiompar ainmhithe, agus rialacha nua a mholadh d'ainmhithe nach bhfuil cumhdaithe fós ag reachtaíocht shonrach de chuid an Aontais. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún comhoibriú le comhpháirtithe eile i bhfóraim idirnáisiúnta i gcomhréir le seasaimh comhbheartais arna mbunú ag an gComhairle chun go ndéanfar tuilleadh forbartha ar na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le leas ainmhithe ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) a chur chun cinn agus chun na cleachtais leasa ainmhithe is fearr is féidir a bhunú agus a chur chun feidhme.

(28) **MEABHRAÍTEAR DI** na Conclúidí ón gComhairle an 16 Nollaig 2019[8] agus **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar chreat rialála an Aontais lena ngabhann critéir do scéim lipéadaithe le haghaidh leas ainmhithe a rannchuideoidh le leas ainmhithe feabhsaithe, le trédhearcacht níos fearr sa mhargadh, le rogha níos fearr do thomhaltóirí agus le cúiteamh níos córa ar bheostoc faoi leibhéil leasa ainmhithe níos airde chomh maith le cothrom na Féinne. **MEABHRAÍTEAR DI** gur cheart taithí náisiúnta a chur san áireamh agus gur cheart an t-ualach breise riaracháin a laghdú a mhéid is féidir.

(29) **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún ardleibhéal sábháilteachta bia laistigh den Aontas a choimeád agus is díol sásaimh di gníomhaíochtaí breise lena ndéantar an córas sábháilteachta bia a neartú agus an chalaois bhia a chomhrac ag gach céim ón bhfeirm go dtí an forc. **MEABHRAÍTEAR DI** i ndáil leis an méid sin conclúidí ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 maidir leis na chéad chéimeanna eile chun dul i ngleic le cleachtais chalaoiseacha sa slabhra agraibhia agus iad a dhíspreagadh9.

---

8 Conclúidí ón gComhairle maidir le leas ainmhithe - cuid dhílis de tháirgeadh inbhuanaithe ainmhithe (14975/19)

9 Conclúidí ón gComhairle maidir leis na chéad chéimeanna eile chun dul i ngleic le cleachtais chalaoiseacha sa slabhra agraibhia agus iad a dhíspreagadh (15154/19)

(30) **CUIREANN SÍ i dTREIS** go gcuirtear go mór le spriocanna comhshaoil agus aeráide tríd an aistriú chuig geilleagar ciorclach. Dá bhrí sin, **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún athúsáid agus athchúrsáil acmhainní a athshlánaítear go háitiúil ó dhramhaíl, ó aoileach nó ó sheachtháirgí a éascú i gcomhréir leis na rialacha sláintíochta agus leis an reachtaíocht maidir le dramhaíl.

(31) **CUIREANN SÍ I bhFIOS** go mbeifear in ann cur le glasú an Chomhbheartais Talmhaíochta agus, dá bhrí sin, le roinnt de na cuspóirí atá beartaithe i Straitéis F2F trí bhíthin an Rialacháin maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT agus Phleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát a bheidh ann amach anseo. **IS DÍOL SÁSAIMH DI**, i ndáil leis an méid sin, go ndéanfar prionsabal na coimhdeachta a neartú, meastar, leis an gComhbheartas Talmhaíochta amach anseo agus go dtabharfar aird chuí ar na dálaí éagsúla náisiúnta agus ar na measúnuithe ar riachtanais na mBallstát faoi seach, agus **IS FADA LÉI** na moltaí neamhcheangailteacha atá le teacht ón gCoimisiún, a d'fhéadfadh a bheith ina dtreoir bhreise chun na pleananna straitéiseacha a ullmhú.

(32) **MEABHRAÍONN SÍ** go bhfuil seasamh na Comhairle maidir leis na hionstraimí sin á fhoirmliú faoi láthair ós rud é go bhfuil na tograí le haghaidh CBT tar éis 2020 faoi chaibidil ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa.

(33) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** cuspóir an Aontais maidir le talamh talmhaíochta an Aontais atá tiomnaithe don fheirmeoireacht orgánach agus maidir le méadú suntasach ar an dobharshaothrú orgánach. **AITHNÍONN SÍ** gur féidir rannchuidiú go mór le córais bhia inbhuanaithe a bhuí leis an bhfeirmeoireacht orgánach. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar shamhlacha feirmeoireachta eile a d'fhéadfadh a bheith ann agus a d'fhéadfadh sochair chomhchosúla don chomhshaol a chur ar fáil.

(34) **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs an chuspóra uaillmhianaigh atá molta aige chun feirmeoireacht orgánach a fhorbairt san Aontas faoi 2030, an obair a chur chun cinn ar an bPlean Gníomhaíochta a d'fhógair sé maidir le feirmeoireacht orgánach, i gcomhar leis na Ballstáit agus na geallsealbhóirí. Ní mór don obair cothromaíocht a áirithiú idir soláthar agus éileamh. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún an malartú taithí idir na Ballstáit uile a chur chun cinn agus dlús a chur leis an obair maidir le comhaontuithe coibhéise le tríú tíortha chun onnmhairí táirgí orgánacha ón Aontas a chur chun cinn.

(35) **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** a thábhachtaí atá sé torthúlacht ithreach agus táirgiúlacht agranamaíoch a chothabháil agus a athshlánú chun inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil a áirithiú. **AITHNÍONN SÍ** go mbíonn tionchar diúltach ag luchtú iomarcach cothaitheach mar thoradh ar chleachtais talmhaíochta áirithe ar éiceachórais, ar an aeráid agus ar an mbithéagsúlacht. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an tionscnamh ón gCoimisiún plean bainistithe cothaitheach a fhorbairt i ndlúthchomhairle leis na Ballstáit. Maidir leis sin, **CUIREANN SÍ I bhFIOS** an poitéinseal a bhaineann le hathchúrsáil cothaitheach lena n-úsáidtear, mar shampla, na deiseanna a thugann na teicneolaíochtaí digiteacha agus an talmhaíocht bheacht.

(36) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** uaillmhian an Choimisiúin Córais Eolais agus Nuálaíochta na Talmhaíochta (AKIS) a chur chun cinn, ina mbeidh gníomhaithe uile an bhiashlabhra agus na geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach.

(37) **CUIREANN SÍ I dTREIS** acmhainneacht shuntasach an iascaigh agus an dobharshaothraithe i ndáil le bia d'aistí bia folláine agus beatha inbhuanaithe a tháirgeadh san Aontas agus **ADMHAÍONN SÍ** an dul chun cinn atá déanta maidir leis an aistriú i dtreo iascaigh agus dobharshaothrú inbhuanaithe san Aontas. Ag an am céanna, caithfidh an obair sa réimse seo a bheith dírithe ar chothromaíocht inbhuanaithe na stoc éisc nádúrtha a chaomhnú, cur chuige neamhfhulaingthe a ghlacadh sa chomhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte agus an tionchar diúltach ar an gcomhshaol a theorannú. **IARRANN SÍ** go gcaomhnófaí cleachtais thraidisiúnta, inbhuanaithe dobharshaothraithe agus go bhfeabhsófaí a n-iomaíochas agus a n-athléimneacht. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an fógra maidir leis an athbhreithniú ar threoirlínte straitéiseacha an Aontais 2013 maidir le dobharshaothrú[10].

(38) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** pleananna an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir le hábhair teagmhála bia chun sábháilteacht bia agus an tsláinte phoiblí a fheabhsú. **MOLANN SÍ** don Choimisiún rialacha comhchuibhithe a fhorbairt le haghaidh cineálacha sonracha ábhair a úsáidtear le haghaidh teagmháil bia i bhfianaise an éilimh mhéadaithigh ar chiorclaíocht, agus sábháilteacht bia á háirithiú ag an am céanna. Ina theannta sin, mar cheanglas coiteann de chuid an Aontais, **IARRANN SÍ** go ndearbhófaí comhlíontacht le haghaidh gach ábhair teagmhála bia chun sábháilteacht ábhar a dhoiciméadú, faisnéis ábhartha a thabhairt don chéad úsáideoir eile sa slabhra soláthair agus feabhas a chur ar in-athchúrsáilteacht na n-ábhar teagmhála bia.

---

[10] COM/2013/0229: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52013DC0229&from=EN

## III. CLEACHTAIS INBHUANAITHE I bPRÓISEÁIL BIA AGUS I dTIONSCAL AN BHIA A CHUR CHUN CINN

(39) **AONTAÍONN SÍ** leis an gCoimisiún nach mór feabhas a chur ar athléimneacht agus inbhuanaitheacht na gcóras bia ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil.

(40) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** comhtháthú níos fearr na forbartha inbhuanaithe i mbeartas cáilíochta na hEorpa. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún ábharthacht agus tábhacht na scéimeanna Eorpacha cáilíochta a athdhearbhú agus an creat reachtach maidir le tásca geografacha a neartú.

(41) **AITHNÍONN SÍ** ról bunriachtanach thionscal an bhia agus na hearnála miondíola, ar cheart dóibh a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le lorg na gcóras bia ar an gcomhshaol a laghdú. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an fógra ón gCoimisiún go ndéanfaidh sé cód iompair de chuid an Aontais agus creat faireacháin a ghabhann leis a tharraingt suas.

(42) **TACAÍONN SÍ LEIS AN gCOIMISIÚN** ina thiomantas maidir le haiste bia níos sláintiúla agus inbhuanaithe a éascú. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá sé athfhoirmliú bianna a chur chun cinn i gcomhréir le treoirlínte maidir le haiste bia shláintiúil agus inbhuanaithe (e.g. don salann, siúcra agus saill sháithithe). **IS DÍOL SUIME DI** go leanfar den phlé arís d’fhonn próifílí cothaitheach a bhunú chun srian a chur ar úsáid maíomh cothúcháin nó sláinte maidir le bianna ina bhfuil leibhéal ard saille, siúcra nó salainn, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 maidir le maímh chothúcháin agus shláinte.

(43) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil an Coimisiún ag féachaint le feabhas a chur ar an méid a chuireann clár cur chun cinn an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe, lena n-áirítear táirgí orgánacha agus táirgí faoi scéimeanna cáilíochta.

(44) **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** tiomantas na Comhairle do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12.3 (cur amú bia *per capita* ar an leibhéal miondíola agus ar leibhéal na dtomhaltóirí a laghdú faoina leath agus caillteanas bia sna slabhraí táirgthe agus soláthair a laghdú). **IS DÍOL SÁSAIMH DI**, dá bhrí sin, na tograí ón gCoimisiún chun caillteanas bia agus cur amú bia a chosc nó a laghdú, go háirithe trí rialacha an Aontais a athbhreithniú chun míthuiscint nó mí-úsáid a chosc i ndáil le marcáil dátaí. **MEABHRAÍONN SÍ** an oibleagáid atá ar an gCoimisiún i dTreoir 2008/98/CE[11] (Treoir réime dramhaíola an Aontais), arna hathbhreithniú le Treoir (AE) 2018/851[12], machnamh a dhéanamh ar indéantacht sprioc uile-Aontais a bhunú in 2023 maidir le laghdú cur amú bia, sprioc nach mór a bhaint amach faoi 2030 ar bhonn na sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit agus i gcomhréir leis an modheolaíocht choiteann.

## IV. RÓL NA dTOMHALTÓIRÍ A NEARTÚ

(45) **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS** go bhfuil ról ríthábhachtach ag lipéadú bia, cleachtais mhargaíochta, praghsáil, rochtain éasca, cáilíocht chothaitheach, oideachas faoi chothú agus feachtais feasachta chun tacú le haistí bia sláintiúla agus inbhuanaithe. **AONTAÍONN SÍ** go gcaithfidh roghanna sláintiúla agus inbhuanaithe a bheith níos fusa do thomhaltóirí. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS**, sa chomhthéacs sin, an ról atá ag faisnéis oiriúnach shothuigthe do thomhaltóirí mar chuid lárnach de thimpeallacht bhia fheabhsaithe. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR**, i ndáil leis an méid sin, gur gá léargas iompraíochta ar na hábhair sin a chur san áireamh.

(46) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún treoir a chur ar fáil maidir le soláthar bia inbhuanaithe sa lónadóireacht institiúideach.

(47) **TACAÍONN SÍ LEIS AN gCOIMISIÚN** ina uaillmhian chun an méadú ar ghalair chardashoithíocha, rómheáchan agus murtall a chomhrac. **AONTAÍONN SÍ** leis an gCoimisiún go gcaithfidh na patrúin tomhaltais bia atá ann faoi láthair a bheith níos inbhuanaithe ó thaobh na sláinte agus an chomhshaoil de.

---

[11] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

[12] Treoir (AE) 2018/851 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl (IO L 150, 14.6.2018, lch. 109).

(48) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil an Coimisiún ag lorg scéim chomhchuibhithe um lipéadú cothaithe eolaíochtbhunaithe ar aghaidh an phacáiste, agus an taithí náisiúnta atá ann cheana á cur san áireamh, agus go molfaidh sé creat comhchuibhithe maidir le lipéadú bia inbhuanaithe.

(49) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an tionscnamh ón gCoimisiún trína bhféachtar le feabhas a chur ar lipéadú tionscnaimh nó bunáitíochta i gcás táirgí áirithe. **CUIREANN SÍ i dTREIS** an gá atá le measúnú tionchair, lena n-áirítear, mar shampla, na buntáistí do thomhaltóirí agus do tháirgeoirí agus an tionchar a bheadh ag cur chuige comhchuibhithe maidir le dearbhuithe éigeantacha tionscnaimh nó bunáitíochta ar an margadh aonair.

## V. AN t-AISTRIÚ DOMHANDA A CHUR CHUN CINN

(50) **AITHNÍONN SÍ** a thábhachtaí atá sé inbhuanaitheacht na gcóras bia a chur chun cinn ar leibhéal domhanda agus iomaíochas tháirgeoirí tosaigh an Aontais a fheabhsú agus cothrom na Féinne a áirithiú. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gur cheart do bheartas trádála an Aontais cuidiú leis an gcomhar le tríú tíortha a fheabhsú agus féachaint le gealltanais uaillmhianacha a fháil uathu i bpríomhréimsí amhail cur chun feidhme Chomhaontú Pháras, caomhnú agus cosaint na bithéagsúlachta agus córais bhia inbhuanaithe, lena n-áirítear sláinte plandaí agus sláinte agus leas ainmhithe, úsáid inbhuanaithe lotnaidicidí agus ábhar frithmhiocróbach, agus a áirithiú, ag an am céanna, go gcuirfear na gealltanais sin chun feidhme ar bhealach éifeachtach.

(51) **AITHNÍONN SÍ** go bhfuil comhaontuithe saorthrádála ar cheann de na bealaí chun caighdeáin an Aontais a chur chun cinn agus chun caighdeáin a ardú ar fud an domhain. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhféachfaidh an tAontas le caibidil uaillmhianach inbhuanaitheachta a áirithiú i gcomhaontuithe déthaobhacha trádála uile an Aontais, agus go n-áiritheoidh sé go gcuirfear chun feidhme agus go bhforfheidhmeofar go hiomlán iad, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí Phríomhoifigeach Trádála agus Forfheidhmithe an Aontais. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún measúnuithe tionchair a dhéanamh i ndáil leis na comhaontuithe sin ionas go mbeidh na torthaí ar fáil i bhfad roimh an gcéim dheiridh den chaibidlíocht maidir le haon chomhaontú trádála.

(52) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar lamháltais allmhairithe do lotnaidicídí agus gnéithe comhshaoil a chur san áireamh nuair a bheidh iarratais ar lamháltais allmhairithe á measúnú, i gcomhréir le caighdeáin agus oibleagáidí na hEagraíochta Domhanda Trádála.

(53) **TARAINGÍONN SÍ AIRD AR** a thábhachtaí atá an comhar idirnáisiúnta agus a thábhachtaí atá beartas trádála an Aontais i ndáil le bia agus beatha allmhairithe. **MEABHRAÍTEAR DI**, sa chomhthéacs sin, go gcaithfidh bia agus beatha allmhairithe reachtaíocht ábhartha an Aontais a chomhlíonadh go hiomlán.

(54) **TACAÍONN SÍ** leis an togra ón gCoimisiún go laghdófaí an dífhoraoisiú domhanda agus díghrádú foraoise. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún togra reachtach agus bearta eile a thíolacadh in 2021 le seachaint go gcuirfí táirgí a bhaineann le dífhoraoisiú nó díghrádú foraoise ar mhargadh an Aontais nó lena gcur ar an margadh a íoslaghdú.

(55) **AITHNÍONN SÍ** an ról tábhachtach atá ag allmhairí i lorg carbóin agus bithéagsúlachta chóras bia an Aontais agus iarrann sí ar an gCoimisiún Eorpach bearta iomchuí a mholadh chun tionchar allmhairí a laghdú, agus rialacha idirnáisiúnta á gcomhlíonadh ag an am céanna.

(56) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil an Coimisiún ag comhoibriú le tíortha comhpháirtíochta chun stop a chur le dífhoraoisiú agus chun bainistiú inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn, chomh maith le bainistiú inbhuanaithe úsáid na talún.

(57) **AONTAÍONN SÍ** gur cheart don Aontas an t-aistriú domhanda chuig córais bhia inbhuanaithe a chur chun cinn i gcomhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú, i bhfóraim iltaobhacha ábhartha agus in imeachtaí idirnáisiúnta amhail Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bia in 2021. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún bunú scéimeanna um tháirgeadh agus um dheimhniú cóir comhshaoil a chur chun cinn. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** a thábhachtaí atá an comhar domhanda sa chomhrac i gcoinne na frithsheasmhachta frithmhiocróbaí.

(58) **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** go bhfuil an tAontas tiomanta don chomhar domhanda maidir le córais bhia inbhuanaithe agus na dúshláin éagsúla ar fud an domhain á n-urramú go cuí agus **MOLANN SÍ** córais bhia inbhuanaithe a áireamh mar chuspóir de chuid bheartais sheachtracha an Aontais agus caibidlí sonracha maidir le córais bhia inbhuanaithe a áireamh i ngach chomhghuaillíocht agus comhaontú nua leis na comhpháirtithe uile. **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** a thábhachtaí atá tacaíocht an Aontais d'fhorbairt inbhuanaithe tuaithe na hAfraice agus, i ndáil leis sin, **MEABHRAÍTEAR DI** an dearbhú ón tríú comhdháil d'airí talmhaíochta an Aontais Afracaigh agus an Aontais Eorpaigh[13].

---

[13] An Dearbhú agus an Clár Oibre Gníomhaíochta arna nglacadh ag tríú Comhdháil Aireachta Talmhaíochta an Aontais Afracaigh – an Aontais Eorpaigh sa Róimh an 21 Meitheamh 2019 (12072/19)

(59) **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** go bhfuil sé léirithe ag paindéim COVID-19 a thábhachtaí atá an comhghaol idir sláinte ainmhithe agus sláinte an duine, idir cothú agus bia, rochtain ar uisce óil sábháilte agus sláintíocht, agus an nasc atá acu sin leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide (an cur chuige "Aon Sláinte Amháin"). **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an comhar atá ann faoi láthair idir na heagraíochtaí idirnáisiúnta tríthaobhacha, mar a thugtar orthu (OIE, EDS agus FAO) sa réimse seo agus **MOLANN SÍ GO LÁIDIR** go neartófaí an comhar sin agus go sínfí é i dtreo eagraíochtaí idirnáisiúnta atá inniúil i réimse na bithéagsúlachta agus an chomhshaoil, d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar an bpaindéim seo agus paindéimí eile atá le teacht agus d'fhonn iad a choinneáil faoi smacht agus a chosc.